**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/0147(NLE)**

21.9.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Iascach

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribeas, den pháirt eile (2023-2028)
(00000/2023 – C9-0000-2023 – 2023/0147(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Beata Kempa

PA_Leg_Consent

## RÉASÚNÚ GEARR

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Chiribeas an 28 Aibreán 2008 agus tháinig sé i bhfeidhm an 30 Aibreán 2008 ar feadh tréimhse 6 bliana. Tá sé in-athnuaite go hintuigthe, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm. Leis an bPrótacal deireanach maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, cumhdaíodh tréimhse 3 bliana agus chuaigh sé in éag an 15 Meán Fómhair 2015. Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha, chuaigh an Coimisiún Eorpach i mbun caibidlíochta le Rialtas Phoblacht Chiribeas chun Prótacal nua a thabhairt i gcrích, ar cuireadh inisealacha leis an 18 Nollaig 2022 agus cumhdaítear leis tréimhse 5 bliana ón dáta cur i bhfeidhm sealadach.

Is é is aidhm don Phrótacal nua deiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí an Aontais sna limistéir iascaireachta laistigh d'uiscí Chiribeas i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch agus leis na moltaí ón gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir, chomh maith le creat rialachais na comhpháirtíochta straitéisí maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir AE agus Ciribeas a fheabhsú agus a neartú. Déantar leis earnáil iascaigh an Aontais a chosaint agus rannchuidítear le Fís 20 Bliain Chiribeas 2016-2036 a chur chun feidhme, go háirithe maidir le hacmhainní iascaigh a bhainistiú agus chaomhnú, leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus le dálaí oibre san earnáil iascaireachta ar mionscála a fheabhsú. Áirítear leis freisin clásal maidir le hiarmhairtí cleachtas iascaireachta a dhéanann sárú ar chearta an duine, ina leagtar béim ar an ngá go mbeadh comhar um fhorbairt in earnáil an iascaigh bunaithe ar chur chuige inbhuanaithe atá dírithe ar dhaoine.

Is ionann ranníocaíocht airgeadais AE le Ciribeas maidir le rochtain ar acmhainní iascaigh Chiribeas agus EUR 760 000 in aghaidh na bliana. Is éard atá sa tsuim sin méid bliantúil EUR 360 000 i gcomhair rochtain ar limistéar iascaireachta Chiribeas agus méid EUR 400 000 i gcomhair tacaíocht earnála.

Agus trí ghrúpa oileán ann – Gilbert, Phoenix agus Line – ina bhfuil 117 606 dhuine ina gcónaí, tá Ciribeas ar cheann de na 20 limistéar eacnamaíoch eisiach is mó ar domhan. Mar gheall ar shuíomh geografach Chiribeas, tá an tír an-leochaileach i leith athrú aeráide, agus cuireann tuilte agus cleachtais chamrais rialta a fionnuiscí i mbaol. Thairis sin, mar gheall ar fhás déimeagrafach agus uirbiú le déanaí, cuireadh brú ar an ngeilleagar áitiúil chun slite beatha áitiúla a choinneáil. Mar aon leis an turasóireacht, is í an iascaireacht an earnáil is táirgiúla i gCiribeas, agus is príomhfhoinsí ioncaim náisiúnta iad ceadúnais iascaireachta. Tá infheistíocht shuntasach á déanamh ag an rialtas san iascaireacht chun Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach. Meabhraíonn an Rapóirtéir tiomantas AE do phrionsabal an chomhtháthaithe beartas ar mhaithe le forbairt agus gur gá go mbeadh CCInna agus na prótacail cur chun feidhme a ghabhann leo i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Is í an iascaireacht chósta príomhfhoinse phróitéine do na pobail áitiúla, a itheann éisc ar bhonn laethúil. I measc na ndúshlán reatha in earnáil an iascaigh, tá easpa fios gnó agus cúnamh teicniúil maidir le héisc a chaomhnú, agus tá deiseanna fostaíochta teoranta ar phá ró-íseal ag baint léi. Ina leith sin, iarrann an Rapóirtéir go ndéanfaí iarrachtaí spriocdhírithe, trí chomhairliúcháin rialta leis na pobail chósta atá buailte, tacaíocht earnála agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil chun an geilleagar iascaireachta a spreagadh agus forbairt eacnamaíoch

áitiúil a éascú.

Measann an Rapóirtéir go bhféadfaí, leis an bPrótacal, saothrú freagrach agus inbhuanaithe acmhainní iascaigh agus forbairt an bheartais náisiúnta iascaigh agus mhuirí a chur chun cinn i gCiribeas agus gur chun leasa an dá pháirtí é. Ar an gcúis sin, molann an Rapóirtéir go ndéanfaí an prótacal a fhormheas.

******

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribeas, den pháirt eile (2023-2028).

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribeas, den pháirt eile (2023-2028) |
| **Tagairtí** | 2023/0147(NLE) |
| **An Coiste Freagrach** | PECH |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Beata Kempa<br>18.7.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Christophe Clergeau, Ryszard Czarnecki, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Michèle Rivasi, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Frances Fitzgerald, Marlene Mortler, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Róża Thun und Hohenstein |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 15 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki |
| ID | Bernhard Zimniok |
| PPE | Hildegard Bentele, Frances Fitzgerald, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Marlene Mortler |
| Renew | Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| Verts/ALE | Erik Marquardt, Michèle Rivasi |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde |

| 1 | 0 |
|---|---|
| The Left | Miguel Urbán Crespo |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh